# Tuarascáil Bhliantúil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2004

# 13



**Grianghraf d'Fhíníní** - FP 20
James Joseph Bible, Lios Mór, Co. Phort Láirge
Iar-Chaptaen, US Volunteers
1866

38B.

Re-arrest ... 39

Name, Residence, and Occupation of suspected person. James Bibles – Lismore – Drapers[?] Captain. Waterford

Date of Warrant, and to whom directed. 8th March 1867 C.I. Waterford.

Date of Arrest, and where detained. 7th March . Waterford Gaol

Date of Warrant for Removal, and to what Place.

Date of Order for Release from Custody.

| Number of File. | Abstract of Case, and subsequent Proceedings. |
| --- | --- |
| F3118. | The Sub Inspector at Portlaw on the 7th March 67 reported that receiving information that some suspicious looking characters were seen by the roadside drawn from Carrick-on-Suir, he followed and arrested prisoner along with Terence Kent and Thomas Burke. Bible was a long while in America and served in the Army there. He was in custody before when the Lieutenant's Warrant and after discharge went to America but again returned. Prisoner gave a confused and unsatisfactory account of himself & gave no reason for being in Tipperary. |
| 12,805. | Memorial of prisoner's sister 22.7.67 stating that confinement is injuring prisoner's health & that his appetite is fast failing him. Denies that he was connected with the rising. Prays for prisoner's release on condition of his leaving the country & his will sign an agreement not to return within a certain time. |
| " | Order for discharge for America requiring usual undertaking 12th August 1867. |
| 14353. | On the 14th Aug 67 the Govr. of Waterford Gaol reported that prisoner would accept the terms of his release & fixed the 17th August for his departure. |
| 14590. 14599. | Discharged on above condition 17th August 67. Sailed from Queenstown 19 Aug 67. |





PHOTOGRAPH AND DESCRIPTION

Of a Prisoner who was formerly in Custody under the *Habeas Corpus Suspension Act (Ireland)*, 1866, and discharged on condition of going to America.

NAME of Prisoner. James Joseph Bible

Occupation. Capt U. S. Volunteers and also a mercantile clerk

Place of Arrest. Dublin

DATE OF ARREST. 17th day of February 1866

DATE OF DISCHARGE. 15th day of August 1866 arrested again

OBSERVATIONS.

about 8 weeks from America before arrest –

N.B.—*The Photograph and Description supplied by the Governor of the Gaol or Prison in which the Prisoner was confined are annexed.*

Dublin Castle, August, 1867.

(Form K.)

PARTICULARS relative to Convict James Joseph Bible, 131,

Where Convicted, County

At what Assizes or Sessions,

Date of Conviction,

Crime

Sentence,

Age on Conviction, 25 years,

Read and Write, R&W

Religion R. C.

Married or Single, Single Number of Children,

Trade or Calling, Late Capt. U. S. Volunteers

Prison Trade,

Where Born, Lismore Co. Waterford

Where Resident before Conviction, About 6 weeks from America. Cullenswood D...

Where his friends reside, Brooklin America

DESCRIPTION.

Hair, Auburn

Eyes, Blue

Eyebrows, Fair

Nose, Regular

Mouth, Large

Complexion, Fair

Visage, Oval

Make, Stout

Height, 5 Ft. 9



An 13ú Tuarascáil Bhliantúil ón gComhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2004

© Rialtas na hÉireann

ISSN: 0791-4601
Prn. A6/0930

Arna cur faoi bhráid an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus arna leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas i 2007 de réir alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

Arna fhoilsiú ag:
An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2007

Tá cóipeanna ar fáil ó:
An Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta, f/ch An Chartlann Náisiúnta, Sráid an Easpaig, Baile Átha Cliath 8, Éire
Teil: +353 1 407 2300
Facs: +353 1 407 2333
Ríomhphost: mail@nationalarchives.ie

Tá téacs na tuarascála seo ar fáil freisin ar láthair gréasáin na Cartlainne Náisiúnta:
http://www.nationalarchives.ie

Arna dhearadh ag:
Ger Garland
Arna chlóbhualadh ag:
Craftprint Group

Tá na h-ábhair chartlainne a atáirgtear san tuarascáil seo á gcoinneáil sa Chartlann Náisiúnta, agus aistríodh go dtí an Chartlann Náisiúnta iad nó rinneadh iad a chaomhnú i 2004.






**Roinn an Taoisigh** - 2004/21/511
'Comóradh caoga bliain – An Garda Síochána'
Meitheamh 1972 - Meitheamh 1973
Grianghraif ó *An Garda Síochána Golden Jubilee, 1922-1972*

CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 5 |
| Ceanglas maidir le Tuarascáil Bhliantúil | 6 |
| An Chomhairle atá ann faoi láthair | 6 |
| Cruinnithe na Comhairle | 7 |
| Foirgneamh Nua don Chartlann Náisiúnta | 8 |
| Athbhreithniú ar Reachtaíocht Chartlainne | 8 |
| Ábhair Chartlainne na nÚdarás Áitiúil | 10 |
| Taifid a choinnítear in Oifigí Dlíodóirí | 10 |
| Taifid Choimisiún na Talún | 11 |
| Próifíl Phoiblí na Cartlainne Náisiúnta | 13 |
| Inrochtain Uilíoch | 13 |
| Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 | 13 |
| Aguisín:<br>Comhaltas na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2004 | 13 |
| Innéacs | 14 |


**Suirbhéireacht Ordnáis** - OS 145
Plean Baile, Dún Garbháin, Co. Phort Láirge
Bileog XXXI
Meitheamh 1880

4

**Suirbhéireacht Ordnáis** - OS 36 E 6
Mapa de Shuirbhéireacht Teorann, Cathair Bhaile Átha Cliath
Cuid de St Patrick's Liberty á taispeáint
Lúnasa 1837



## RÉAMHRÁ

Bunaíodh an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta i mí Eanáir 1987 faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Is í príomhfheidhm reachtúil na Comhairle ná comhairle a chur ar an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus é ag feidhmiú a chumhachtaí faoi Acht 1986, i dtaobh gach ní a bhaineann le hábhair chartlainne laistigh de scóip an Achta, agus ar úsáid na cartlainne ag an bpobal. Baineann príomhfhreagracht na Cartlainne Náisiúnta le taifid Ranna Rialtais.

CCN







**Suirbhéireacht Ordnáis** - OS 36 E 5
Mapa de Shuirbhéireacht Teorann, Cathair Bhaile Átha Cliath
Cuid de pharóiste Naomh Werburgh á taispeáint
Lúnasa 1837

**CEANGLAS MAIDIR LE TUARASCÁIL BHLIANTÚIL**

Ceanglaíonn Alt 21 den Acht um Chartlann Náisiúnta ar an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta a Tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire, a chaithfidh é a leagan ansin os comhair gach Tí den Oireachtas.

*Tuarascáil Bhliantúil*




**Deonú Riaracháin maille le hUacht**
Margaret Catherine Fitzmaurice, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath.
Dar dáta an 15 Iúil 1875
A bhásaigh an 30 Márta 1874
An Phríomh-Chlárlann



**AN CHOMHAIRLE ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR**

Cheap an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta an Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta atá ann faoi láthair an 21 Samhain 2002. Tá comhaltas na Comhairle liostaithe in Aguisín na Tuarascála seo.

*An Chomhairle*




**Deonú Riaracháin maille le hUacht**
Margaret Catherine Fitzmaurice, Binn Éadair, Co. Bhaile Átha Cliath.

## ●CRUINNITHE NA COMHAIRLE

Bhí naoi gcruinniú foirmiúla ag an gComhairle i rith na bliana atá faoi chaibidil:

*19 Eanáir 2004:*

Tháinig an Chomhairle le chéile i Leabharlann agus Cartlann Chathair Bhaile Átha Cliath, 138/144 Sráid an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2.

*23 Feabhra 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle in Óstán Buswell, Baile Átha Cliath 2.

*29 Márta 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle in Óstán Buswell, Baile Átha Cliath 2.

*10 Bealtaine 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle in Óstán Buswell, Baile Átha Cliath 2.

*21 Meitheamh 2004:*

Bhí cruinniú lae ag an gComhairle ag Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, 7 Sráid an Chláir, Baile Átha Cliath 2.

Bhí an tUasal Philip Furlong, Ard-Rúnaí, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an tUasal Michael Grant, Rúnaí Cúnta, agus an tUasal Chris Flynn, Príomh-Oifigeach i láthair ag an gcruinniú foirmiúil.

*12 Iúil 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle i Seomra Comhdhála nua na Cartlainne Náisiúnta.

*1 Deireadh Fómhair 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle i Seomra Comhairle Halla na Cathrach i bPort Láirge ar chuireadh ó Leas-Bhainisteoir na Cathrach, an tUasal Paddy Power, a chuir fáilte roimh an gComhairle.

Rinne Cartlannaí Chathair Phort Láirge, an tUasal Donal Moore, agus Cartlannaí Chontae Phort Láirge, Joanne Rothwell Uasal, cur síos ar a gcartlanna faoi seach.

Bhuail an Chomhairle leis an Leas-Mhéara agus bhíodar i láthair nuair a bronnadh léarscáil Sinnott 1830 go foirmiúil ar Chomhairle na Cathrach. Tugadh cuairt ar Chartlann Chathair Phort Láirge agus ar fhoirgneamh nua Leabharlann Chathair Phort Láirge.

*3 Samhain 2004:*

Bhí cruinniú ag an gComhairle i Seomra Comhdhála na Cartlainne Náisiúnta.

*9 Nollaig 2004*

Bhí cruinniú ag an gComhairle in Óstán Buswell, Baile Átha Cliath 2.

*Cruinnithe*

## FOIRGNEAMH NUA DON CHARTLANN NÁISIÚNTA


D'fhreastal an tUasal Philip Furlong, Ard-Rúnaí na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, an tUasal Michael Grant, Rúnaí Cúnta, agus an tUasal Chris Flynn, Príomh-Oifigeach, ar chruinniú na Comhairle an 21 Meitheamh 2004. Chuir an tArd-Rúnaí in iúl don chruinniú go raibh sé féin agus Ard-Rúnaí na Roinne Cosanta ar aon intinn gur chóir an Chartlann Mhíleata agus an Chartlann Náisiúnta a lonnú agus a chomhtháthú ar aon láithreán amháin, agus gurb é an láithreán i Sráid an Easpaig (láithreán na Cartlainne Náisiúnta) ab fhearr leo don chónascadh seo. Thug an Chomhairle ar aird go mbeadh foireann bhreise de dhíth.

Maidir leis an bhfoirgneamh nua a bhí beartaithe, dúradh go raibh mionathrú á dhéanamh ar rogha na Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, trína nglacfadh an forbróir príobháideach cuid mhór den láithreán mar mhalairt ar an láithreán a fhorbairt agus tógáil a dhéanamh air, mionathrú a d'fhágfadh go mbeadh samhail ann ina gcúiteofaí an forbróir in íocaíocht leanúnach thar roinnt blianta.

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an tsamhail dheireannach, mar go laghdódh sé an baol d'iomláine agus do chomhtháthú an láithreáin ar Shráid an Easpaig, agus ina theannta sin, trín nasc idir luach saothair an fhorbróra agus an láithreán a bhriseadh, is lú an baol a bheadh ann go mbainfí ón láthair iomlán a bhí ar fáil don Chartlann Náisiúnta anois nó amach anseo.

Scríobh an Cathaoirleach chuig an Ard-Rúnaí agus chuir tuairimí na Comhairle faoin gceist seo in iúl.

*Foirgneamh*



INAUGURATION OF PRESIDENT, 1973

St. Patrick's Hall: General Seating Plan.

DAIS
Outgoing President
President Elect and Mrs. Childers
Government (11)
Council of State (13).

Press

Diplomatic Corps (1, 2, 3) — A
Relatives and friends of President (4, 5, 6)
5 rows of 8
1 row of 4 — 44 seats
Press

1) 2) Churches — B
3 Parly. Secretaries and T.F. O'Higgins
4) V.I.P. TD's and Senators
5) (i.e. Leas Cath., Former Ministers, Parl. Secs.)
6 Secretaries & Chaplains
5 rows of 8
1 row of 4
Press

Judiciary (1, 2, 3) — C
Relatives and friends of President 4
Dáil and Seanad (5, 6)
6 rows of 8

1) 2) 3) *Lord Mayors, Mayors & Chairmen of County Councils — D
4) 5) 6) Dáil and Seanad
* including TDs and Senators
6 rows of 8

Dáil and Seanad 1 2 3 4 5 6 — E
6 rows of 8

1) 2) 3) Civil Service — F
4 Army, Gardaí
5) 6) Editors of Newspapers
6 rows of 8

Universities, etc. (1, 2, 3) — G
Seanad Nominating Bodies (4, 5, 6)
6 rows of 8

Dáil and Seanad — H
National organisations
Other bodies
6 rows of 8

Seanad Nominating Bodies
Dais 27
Blocks 376
403

## ATHBHREITHNIÚ AR REACHTAÍOCHT CHARTLAINNE

Ag cruinniú na Comhairle an 21 Meitheamh 2004, dúirt an tUasal Michael Grant, Rúnaí Cúnta na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, go raibh scrúdú á dhéanamh ag an Roinn ar an Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986, féachaint ar chóir leasaithe a dhéanamh air. Bhí an Roinn ag iarraidh tuairimí na Comhairle a fháil, agus sa chomhthéacs seo d'fhailtigh roimh an seimineár a bhí le tionól faoi choimirce na Comhairle agus Chumann Cartlannaithe, Éire. (I dTuarascáil na Comhairle don bhliain 2003 chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh seimineár lae á bheartú amach sa bhliain 2004.)

Tionóladh an seimineár ar 'Leasú ar Reachtaíocht Chartlainne' an 18 Deireadh Fómhair 2004 in Institiúid Daonnachtaí Éireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, faoi chomhchoimirce na Comhairle agus Chumann Cartlannaithe, Éire. D'fhreastal thart ar dhaichead toscaire air agus ar na cainteoirí bhí:

- An tOllamh Hector McQueen, Cathaoirleach Chomhairle um Thaifid na hAlban, a labhair ar 'Leasú ar Reachtaíocht Chartlainne - Dearcadh Albanach';
- An tUasal Chris Flynn, Ceannaire Aonad Tionscadail Speisialta na nInstitiúidí Cultúrtha, an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a labhair faoin Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, agus faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986;
- Rena Lohan Uasal, Bainisteoir Taifead Ollscoile, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a labahair faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, agus faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003;
- Joanne Rothwell Uasal, Cartlannaí/Bainisteoir Taifead, Comhairle Chontae Phort Láirge, agus Cathaoirleach, Grúpa Cartlannaithe na nÚdarás Áitiúil, a chuir páipéar ar na hAchtanna Rialtais Áitiúil, 1994 agus 2001, i láthair.

D'aontaigh an Chomhairle go bhfoilseofaí imeachtaí an tseimineáir in eagrán speisialta d'iris Chumann Cartlannaíochta Éireann, Irish Archives.

*Reachtaíocht*

**Roinn an Taoisigh** - 2004/21/528
'Uachtarán na hEireann, socruithe maidir le suí don searmanas insealbhaithe'
Meitheamh 1973

*ar dheis:*
**Roinn an Taoisigh** - 2004/21/528
'Uachtarán na hEireann, socruithe maidir le suí don searmanas insealbhaithe'
Meitheamh 1973
Coimriú ar Imeachtaí i Halla Naomh Pádraig, Caisleán Bhaile Átha Cliath

INAUGURATION 1973

Monday, 25th June, 1973, 1 p.m.

Summary of Proceedings in St. Patrick's Hall, Dublin Castle.

1. Entry of President-elect and his wife, accompanied by Tánaiste and Minister for Defence, attented by two Aides-de-camp and preceded by two Army officers - Fanfare of trumpets - All rise (and remain standing until President-elect is seated, whereupon all take their seats).

2. When all seated and Aides in position, Taoiseach rises, makes statement to assembly and requests Chief Justice to proceed with the administering of the Declaration of Office to the President-elect.

3. When Taoiseach's statement has ended, President-elect and all others rise.

4. Declaration is read to President-elect, who repeats it aloud.

5. Chief Justice then places Declaration before President-elect.

6. President-elect sits to sign Declaration.

7. After signing, President rises.

8. When President rises, fanfare of trumpets, to herald that President has entered upon his office.

9. At end of fanfare, all resume seats except President and Chief Justice, who remain standing.

10. When all others seated, Chief Justice makes statement to assembly and hands Presidential Seal to President.

11. President accepts Presidential Seal from Chief Justice.

12. President and Chief Justice resume their seats.

13. As soon as President is seated, Taoiseach rises and makes speech, congratulating President.

14. Having spoken, Taoiseach resumes his seat.

15. When Taoiseach is seated, President rises and replies.

16. Having spoken, President resumes his seat.

17. All rise for National Anthem, remain standing.

18. After anthem, entire dais party leaves Hall, in procession of twos, in following order:-

    Two Army officers,
    President and his wife (President on right),
    Two Aides-de-camp to President,
    Outgoing President and Aide
    Taoiseach and Aide-de-camp to Taoiseach,
    Other members of Government and Council of State.

All others remain in the Apartments until President has left Upper Castle Yard.

ROINN AN TAOISIGH,
Meitheamh, 1973.

## ●ÁBHAIR CHARTLAINNE NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

Faoin Acht Rialtais Áitiúil, 2001, tá ról comhairleach ag an gComhairle um an gCartlann Náisiúnta agus tá a h-imní leanúnach léirithe ag an gComhairle maidir le roinnt de na hÚdaráis Áitiúla nach bhfuil seirbhísí cartlannaí acu. Scríobh an Cathaoirleach chuig an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil faoin gceist seo.

*Údarás Áitiúil*

## ●TAIFID A CHOINNÍTEAR IN OIFIGÍ DLÍODÓIRÍ

Ag coinneáil lena n-iarracht cosaint cháipéisí agus taifid dhlíthiúla a choinnítear in oifigí dlíodóirí ar fud na tíre a spreagadh agus an tsuim a d'fhéadfadh staraithe, ginealeolaithe agus cartlannaithe a chur sna taifid seo, luaitear i dTuarascáil na Comhairle do 2003 gur ghlac an Dlí-Chumann le h-alt dá h-iris mhíosúil, an Gazette, bunaithe ar shuirbhé a rinne Carol Quinn, comhalta den Chomhairle, in oifig dlíodóra amháin i gCorcaigh. Foilsíodh an t-alt seo dar teideal 'Treasures in your attic' in eagrán mhí an Mhárta 2004 den Law Society Gazette. Scríobh an tAire litir mhisnithe chuig an Dlí-Chumann. Bhunaigh an Dlí-Chumann fo-choiste, a oibreoidh leis an gcomhalta Comhairle Carol Quinn ar threoirlínte cuí maidir le taifid dhlíodóirí agus a n-aistriú, b'fhéidir, chuig cartlann chontae nó réigiúnach.

*Oifigí Dlíodóirí*



2004/36
Dublin Laundry Company
Albam grianghraf
Déanach sa 19ú aois nó luath sa 20ú aois

*ar dheis:*
céanna



## TAIFID CHOIMISIÚN NA TALÚN

Bunaíodh Coimisiún Talún na hÉireann faoin Land Law (Ireland) Act, 1881, acht a thug údarás do Choimisiún na Talún cíosanna córa a bhreithniú agus iasachtaí suas le 75% de phraghas ceannaigh a thabhairt do thionóntaithe a bhí ag ceannach a ngabháltas.

Tá an méid seo le rá ag an scoláire Dr Terence Dooley faoi thaifid Choimisiún na Talún:

*'Constitute the largest collection generated by a single body in the country's history. They offer a remarkable and unique insight to possibly every conceivable aspect of Irish rural society and not just from 1881 because the Land Commission Records Branch also houses a wealth of documentation, such as, title deeds, that dates back much further.*

*The Land Commission facilitated the transfer of around 315,000 holdings on around 11 million acres from landlords to tenant purchasers.'*

Cheadaigh An tAcht Dlí Thalmhan (Coimisiún), 1923, athbhunú Choimisiún na Talún, agus ghlac an Coimisiún feidhmeanna Bhord na gCeantar Cúng chuige.

Cuireadh deireadh le Coimisiún na Talún i 1992 faoin Acht um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh), 1992. Tá Brainse na dTaifead de Choimisiún na Talún díscaoilte ionchorpraithe laistigh de sheirbhísí dlí na Roinne Talmhaíochta agus Bia. An 16 Feabhra 2004 bhuail fo-choiste den Chomhairle um an gCartlann Náisiúnta, agus baill foirne ón gCartlann Náisiúnta in éineacht leo, le h-oifigithe na Roinne Talmhaíochta agus Bia.

Tugadh le fios go meastar gur doiciméid oibre iad na taifid agus go mbíonn siad in úsáid go leanúnach ag an Roinn agus, anuas air sin, go bhfuil sé de dhualgas ar an Roinn príobháideachas daoine aonair a luaitear sna taifid a chosaint. Bhí roinnt taifead eile, Leabhair Chóir-chíosa mar shampla, nach raibh in úsáid agus a d'fhéadfaí a thabhairt ar láimh don Chartlann Náisiúnta.

Sheol an Cathaoirleach litir chuig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, ag iarraidh air an fhadhb faoi rochtain a fháil ar na taifid a ardú leis an Aire Talmhaíochta agus Bia.

*Coimisiún na Talún*



Church of Ireland.

GENERAL SYNOD, 1971.

RESOLUTION

Mr. J. A. D. Bird and
The Very Rev. G. Mayes

That this House welcomes the efforts being made to amend the legislation concerning contraception in the Republic and fully supports the Archbishop of Dublin in his affirmation of the declaration of the Lambeth Conference of Anglican Bishops in the years 1958 and 1968 which concluded that "the responsibility of deciding the number and frequency of children has been laid by God upon the consciences of parents everywhere: that this planning, in such ways as are mutually acceptable to husband and wife in Christian conscience, is a right and important factor in Christian family life".

12

*"SUCH A MEASURE WOULD BE AN INSULT TO OUR FAITH; IT WOULD WITHOUT QUESTION BE GRAVELY DAMAGING TO MORALITY, PRIVATE AND PUBLIC. IT WOULD BE AND WOULD REMAIN, A CURSE UPON OUR COUNTRY."* (Emphasis added.)

HAVE WE THE RIGHT TO REFUSE CONTRACEPTION TO THOSE WHO DO NOT CONSIDER IT WRONG?

Yes! We refuse narcotics to people who see no harm in them. We refuse arms to people in the community who want them. And we would refuse contraceptives for the very same reason. Because Contraception will harm the whole community eventually.

Nor does this mean interfering with a man's freedom of conscience. To prevent a man from doing something which he feels morally free to do is an entirely different thing from forcing him to do something which is against his conscience. Liberals have brainwashed us into thinking that we have no right to prevent anyone from doing anything, whatever we think of it ourselves and however much it may harm our society.

WHAT CAN I DO TO FIGHT CONTRACEPTION?

You can join the Irish Family League. You can make your views known to friends whenever the subject comes up. You can write letters to newspapers, T.D.'s, and senators. You can become an activist. You are fighting to prevent murder and the slaughter of innocents.

DO YOU SUGGEST ANY POSITIVE COURSE OF ACTION?

Yes!

1. We must widely promote the permissible methods of family planning.
2. We must work diligently for a return to Christian values.
3. Without being prudish, we must blow some of the overcharged commercial sex out of the air and cleanse our bookshelves, our periodicals, our cinemas and T.V. screens of mind-polluting filth.
4. We must strive for better family welfare, and also for adequate provision for deserted wives and unmarried mothers.
5. We must provide the best we can for our children, especially in education, and moral training.

**Roinn an Taoisigh** - 2004/21/505
'Coiste Idir-Pháirtí ar impleachtaí maidir le hAontú na hÉireann (gan comhlachtaí Thuaisceart Éireann san áireamh)'
Eanáir-Deireadh Fómhair 1973
Sliocht as leabhrán Caitliceach maidir le frithghiniúint agus rún Ard-Sionad Eaglais na hÉireann

**PRÓIFÍL PHOIBLÍ NA CARTLAINNE NÁISIÚNTA**

D'ullmhaigh comhalta den Chomhairle, Carol Quinn, plédhoiciméad a bhaineann le h-eagraíocht 'Cairde' a d'fhéadfaí a bhunú ar mhaithe leis an gCartlann Náisiúnta.

Thug an Chomhairle ar aird an chaoi a raibh ag éirí go maith i gcónaí leis an tSeirbhís Ghinealais ar cuireadh tús léi i mí Eanáir 2003, áit ar féidir leis an bpobal cabhair agus comhairle a lorg ó ghinealeolaithe proifisiúnta maidir le taighde ar theaghlaigh agus ar an stair áitiúil. Bíonn an tseirbhís seo ar fáil, saor in aisce, le linn na n-uaire oscailte céanna a bhíonn ag an Seomra Léitheoireachta.

Aithnítear agus moltar Lá Oscailte na Cartlainne Náisiúnta mar chéim dhearfach le h-aird an phobail a tharraingt ar an gCartlann Náisiúnta a bheith ann agus ar a h-inrochtaineacht. Tionóladh an Lá Oscailte Dé Sathairn an 25 Meán Fómhair mar chuid den Mhí Feasachta Cartlainne, 2004.

*Próifíl Phoiblí*

**INROCHTAIN UILÍOCH**

Thug an Chomhairle ar aird, ag deireadh na bliana atá faoi chaibidil (2004), go raibh tús le cur le h-obair ar urlár na talún den Chartlann Náisiúnta le saoráidí inrochtaine iomlána do dhaoine faoi mhíchumas a chur ar fáil, mar shampla, bealach isteach nua, leithreas, seomra taisceadán, seomra bia, seomra garchabhrach agus áit suí.

*Inrochtain*

**ACHT NA dTEANGACHA OIFIGIÚLA, 2003**

Thug an Chomhairle ar aird an tAcht, agus ailt den Acht a bhaineann leis an gComhairle, a bhfuil feidhm leo cheana féin.

*Acht na dTeangacha Oifigiúla*

**AGUISÍN:**

Comhaltas na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta, 2004

AN BREITHEAMH ONÓRACH BRYAN MCMAHON
Cathaoirleach na Comhairle

AN DR JOHN BOWMAN
craoltóir agus staraí

AN DR MAURICE J. BRIC, MRIA
Cathaoirleach, An Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta; Léachtaí Sinsearach sa Stair, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

KATHLEEN BROWNE, BA, FLAI
iar-Leabharlannaí Chontae Chiarraí

AN tOLLAMH MARY E. DALY, MRIA
Déan, Dámh na nEalaíon, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; comhalta de Choimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann

JOAN JOHNSON
Cartlannaí Oinigh Scoil an Bhaile Nua agus Chumann na gCairde i bPort Láirge; Comhalta de Choiste Staire Chumann na gCairde in Éirinn

MÁIRE MAC CONGHAIL
Comhalta de Choimisiún Láimhscríbhinní na hÉireann

CHRISTOPHER O'CONNELL
Bainisteoir Eircom; staraí áitiúil

AN TOLLAMH EUNAN O'HALPIN
Ollamh le Stair Chomhaimseartha na hÉireann, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

CAROL C. QUINN, RMSA, BA, DAA
Cathaoirleach de Chumann Cartlannaithe, Éire; Cartlannaí, Leabharlann Boole, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

AN DR RAYMOND REFAUSSÉ
Leabharlannaí agus Cartlannaí, Leabharlann Chomhlacht Ionadaíoch na hEaglaise

JOHN WILSON, MA, H.DIP.ED.
iar-Thánaiste agus iar-Aire; Coimisinéir d'Íospartaigh

Rúnaí na Comhairle

PATRICK CORCORAN
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta





**Grianghraf de chomhaltaí na Comhairle agus iad ag cruinniú i bPort Láirge i mí Dheireadh Fómhair**

Ar Chúl – ó chlé: Donal Moore *Cartlannaí Chathair Phort Láirge*, Frances McGee *An Chartlann Náisiúnta*, Máire Mac Conghail, Joan Johnson, Carol Quinn, Joanne Rothwell *Cartlannaí Chathair Phort Láirge*, Christopher O'Connell. Chun Tosaigh – ó chlé: Patrick Corcoran *Secretary to the Council*, David Craig *Stiúrthóir na Cartlainne Náisiúnta*, Mary Roche *Leas Mhéara Phort Láirge*, Bryan McMahon, Kathleen Browne.

INNÉACS

A

Acht Dlí Thalmhan (Coimisiún), 1923, 11
Acht Údaraís Áitiúla, 2001, 10
Acht um Chartlann Násiúnta, 1986, 6, 8
Acht um Choimisiún Talún na hÉireann (Díscaoileadh), 1992, 11
Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, 8
Achtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003, 8
Achtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003, 8

B

Baile Átha Cliath
 Coláiste na hOllscoile, 8
 Comhlachas Tráchtála, 7
 Leabharlann agus Cartlann Chathair, 7
Bord na gCeantar Cúng, 11
Bric, An Dr Maurice, 13
Browne, Kathleen, 13



C

Cartlann Mhíleata, 8
Cartlann Náisiúnta
 eagraíocht 'Cairde' a d'fhéadfaí a bhunú, 13
 foirgneamh nua, 8
 inrochtaine do dhaoine faoi mhíchumas, 13
 lá oscailte, 13
 próifíl phoiblí, 13
 seirbhís ghinealais, 13
Coimisiún Lámhscríbhinní na hÉireann, 13
Coimisiún na Talún, agus Brainse na dTaifead de, 11
Comhairle um an gCartlann Náisiúnta
 ceapachán, 6
 comhaltas, 13
 cruinnithe, 7
Comhairle um Thaifid na hAlban, 8
Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí, 8
Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Aire, 10
Corcaigh, oifig dlíodóra, 10
Corcoran, Patrick, 13
Cosanta, Roinn, 8
Cumann Cartlannaithe, 13
Cumann Cartlannaíochta Éireann, 8

D

Daly, An tOllamh Mary, 13
Dlí-Chumann, 10
Dlíodóirí, Oifigí, taifid a choinnítear in, 10
Dooley, Dr Terence, 11

E

Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta, Aire, 5, 6
Ealaíona, Spóirt agus Turasóireachta, Roinn, 7, 8

F

Flynn, Chris, 7, 8
Furlong, Phil, 7, 8

G

Grant, Michael, 7, 8

I

Institiúid Daonnachtaí Éireann, 8
*Irish Archives*, 8

J

Johnson, Joan, 13

L

Land Law (Ireland) Act, 1881,11
*Law Society Gazette*, 10
Lohan, Rena, 8

M

Mac Conghail, Máire, 13
McMahon, Breitheamh Bryan, 13
MacQueen, An tOllamh Hector, 8
Mí Feasachta Cartlainne, 13
Moore, Donal, 7

O

O'Connell, Christopher, 13
Ó Donnchú, Seán, Aire, 5, 6
O'Halpin, Eunan, An tOllamh, 13
Oireachtas, 6

P

Port Láirge, Cathair
 Cartlann agus Cartlannaí, 7
 Leabharlann, 7
 Leas-Bhainisteoir, 7
 Leas-Mhéara, 7
 Seomra Comhairle Halla na Cathrach, 7
Port Láirge, Contae, Cartlannaí, 7, 8
Power, Paddy, 7

Q

Quinn, Carol, 10, 13

R

Reachtaíocht Chartlainne, 8
Refaussé, An Dr Raymond, 13
Rothwell, Joanne, 7, 8

T

Talmhaíochta agus Bia, Aire, 11
Talmhaíochta agus Bia, Roinn, 11

U

Údarás Áitiúil
 abhair chartlainne, 10
 Grúpa Cartlannaithe, 10

W

Wilson, John, 13